

## Cad é mar a thoghaann muid CTRanna?

### EOCHAIR:

R: Reachtaire

R: Le vóta a chaitheamh sna toghcháin do Thionól Thuaisceart Éireann úsáidtear cineál d'ionadaíocht chionmhar, córas an Aonvóta Inaistrithe. In áit X a scríobh ar pháipéar vótála le vótáil d'iarrthóir amháin, thig le daoine vótáil do níos mó ná iarrthóir amháin nó do gach iarrthóir, fiú, san ord is fearr leo. Thig leo seo a dhéanamh ach ní gá dóibh.

Baintear úsáid as córas an Aonvóta Inaistrithe sna toghcháin don Tionól. Déantar seisear Comhaltaí a thoghadh in ocht dtoghcheantar déag.

Seo leagan simplithe: abair go bhfuil trí shuíochán ar fáil agus go bhfuil cúigear iarrthóirí ag seasamh sa toghchán. Is é trí mhíle an cuóta – sin an méid vótaí a bheidh de dhíth ar iarrthóir le suíochán a bhaint. Anois nuair a dhéantar cuntas ar na vótaí céad rogha, tá go leor vótaí ag Lauren le go dtoghfar í. I ndáiríre, tá níos mó vótaí aici ná mar atá de dhíth uirthi. Tá farasbarr vótaí aici. Aistrítear an farasbarr vótaí chuig na hiarrthóirí a bhfuil uimhir a dó tugtha dóibh ar pháipéir Lauren. Tá go leor vótaí ag Fergus anois leis an dara suíochán a bhaint. Mar sin, aistrítear an farasbarr, na vótaí tríú rogha, chuig na hiarrthóirí eile.

Ach amharc! Níl go leor vótaí ag duine ar bith leis an chéad suíochán eile a bhaint. Mar sin, cuirtear Ella as an áireamh mar is í a fuair an líon is lú vótaí. Roinntear páipéir Ella idir an bheirt iarrthóirí atá fágtha de réir na rogha a rinne na vótálaithe. Tá go leor vótaí ag Seán anois le go dtoghfar é.

Cuimhnigh gur sé shuíochán an toghcheantar a bhíonn le líonadh i dtoghcháin don Tionól. I gcás an chuid is mó de na vótálaithe, toghfar ar a laghad duine *amháin* ar vótáil siad dó nó di, agus sin an buntáiste a bhaineann le córas an Aonvóta Inaistrithe. I ndáiríre, bíonn tábhacht le gach vóta a chaitear agus is féidir leis difríocht mhór a dhéanamh.